Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

**8353/1/25**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0053(COD)**

**TRANS 153**
**CODEC 493**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 29 Meán Fómhair 2025 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 1 Márta 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an togra le haghaidh ollchóiriú iomlán ar an Treoir maidir le ceadúnais tiomána, an 4ú hathchóiriú ar an Treoir seo. Bhí an togra mar chuid de thionscnaimh REFIT de chuid an Choimisiúin agus den 'pacáiste um an tsábháilteacht ar bhóithre'.

2. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta an 4 Nollaig 2023.[1]

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 28 Feabhra 2024. Don 10ú téarma den Pharlaimint, ceapadh Jutta PAULUS (Na Glasaigh/SCE, DE) mar rapóirtéir.

4. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an gcéad chruinniú tríthaobhach an 22 Deireadh Fómhair 2024, agus bhí cruinnithe tríthaobhacha ann ina dhiaidh sin an 11 Nollaig 2024 agus an 18 Feabhra 2025. Le linn an cheathrú cruinniú tríthaobhach an 24 Márta 2025, tháinig na hidirbheartaithe ar chomhaontú polaitiúil.

5. An 30 Aibreán 2025, rinne Coreper anailís ar an téacs comhréitigh deiridh d'fhonn teacht ar chomhaontú agus dhearbhaigh sé é.

6. An 14 Bealtaine 2025, chuir Cathaoirleach Choiste TRAN litir chuig Cathaoirleach Coreper ina ndearbhaítear, dá bhformheasfadh an Chomhairle an téacs comhaontaithe, ar an gcéad léamh, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Pharlaimint an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh.

## II. CUSPÓIR

7. Is iad cuspóirí foriomlána an togra sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú a thuilleadh agus saorghluaiseacht saoránach laistigh den Aontas a éascú. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an athchóirithe chun tacú leis na cuspóirí sin:

   a. ceadúnas tiomána 'móibíleach' (i.e. ceadúnas digiteach) a thabhairt isteach,

   b. céim i dtreo na próisis scagthástála leighis a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit a chomhchuibhiú,

---

[1] 6345/23.

c. scéim le haghaidh tiomáint thionlactha le ceadúnas ó 17 mbliana d'aois,

d. tréimhse phromhaidh do thiománaithe nuacheadúnaithe,

e. lamháltas meáchain maidir le huasmhais ualaithe gluaisteán paisinéirí lánleictreach,

f. rochtain níos éasca ar cheadúnais do shaoránaigh a bhogann ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, agus meastóireacht láraithe ar chreat iompair de bhóthar i dtríú tír i bhfianaise malartuithe ceadúnas tiomána i mBallstát, agus

g. nuashonrú a dhéanamh ar na ceanglais tástála chun ceadúnas tiomána a fháil agus ar na híoscheanglais maidir le hoiriúnacht an tiománaí chun tiomána.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### 1. Comhthéacs an nós imeachta

8. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, chuaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú maidir le seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, rud a d'fhág gur thángthas ar luathchomhaontú ar an dara léamh. Is léiriú iomlán é téacs an dréachtseasaimh ón gComhairle ar an gcomhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

### 2. Achoimre ar na príomh-shaincheisteanna

9. Is é seo a leanas an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis na gnéithe éagsúla athchóirithe a liostaítear faoi phointe 7, tar éis do na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú:

10. Maidir le céimniú isteach an cheadúnais tiomána mhóibíligh (Airteagail 3 agus 5), tháinig an dá institiúid ar chomhréiteach maidir leis an amlíne agus maidir le coimircí do shaoránaigh ar fearr leo an doiciméad fisiciúil nó a bhfuil gá acu le ceann níos déanaí, mar shampla do thiomáint i dtríú tíortha. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú freisin maidir le forálacha sonracha cosanta sonraí.

11. Den chuid is mó, choinnigh an Chomhairle a seasamh ón gcur chuige ginearálta maidir le leagan amach na n-íoscheanglas chun scagadh a dhéanamh ar an oiriúnacht choirp agus mheabhrach chun tiomána sula n-eisítear agus sula n-athnuafar ceadúnais tiomána, bunaithe ar chórais éagsúla a forbraíodh sna Ballstáit (Airteagal 11). Nuair a eiseofar ceadúnas tiomána den chéad uair, ní mór don iarratasóir dul faoi scrúdú leighis nó, i gcás catagóirí gluaisrothar agus gluaisteán paisinéirí, féinmheasúnú a líonadh isteach. Chun faireachán a dhéanamh ar oiriúnacht tar éis ceadúnas tiomána a eisiúint den chéad uair le haghaidh gluaisrothar nó gluaisteán paisinéirí, rogha mhalartach is ea go bhfuil córas náisiúnta i bhfeidhm ag na Ballstáit lena n-áirithítear freagairt d'athruithe suntasacha ar an oiriúnacht choirp nó mheabhrach. Ghlac an Chomhairle le roinnt ábhar breise ón bParlaimint atá comhoiriúnach leis an gcur chuige sin.

12. Bhí an chaibidlíocht maidir leis an scéim tiomána tionlactha do thiománaithe 17 mbliana d'aois nasctha le plé níos mó ar aoiseanna íosta agus ar thiomáint ghairmiúil. Choimeád an Chomhairle, ar thaobh amháin, a seasamh ón gcur chuige ginearálta gur cheart go leanfadh an scéim tiomána tionlactha d'fheithiclí tromshaothair de bheith deonach, le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch thar theorainneacha. Ar an taobh eile, ghlac an Chomhairle le liostú níos comhleanúnaí de na haoiseanna íosta atá ann cheana in Airteagal 7 agus le hailíniú aoiseanna íosta do chatagóirí busanna níos mó tar éis deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil a fháil, faoi réir coimirce maidir le tiománaithe idir 21 bhliain d'aois agus 23 bliana d'aois (Airteagal 27 den Treoir).

13. Maidir leis an tréimhse phromhaidh do thiománaithe nuacheadúnaithe (Airteagal 18), ghlac an Chomhairle le roinnt forálacha ina leagtar amach bearta na mBallstát chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú sa ghrúpa sin, chomh maith le tagairt do bheartais neamhfhulaingthe arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit. Chloígh an Chomhairle lena seasamh nár cheart go mbeadh rialáil ar leibhéal an Aontais maidir le hiompraíocht an tiománaí mar thoradh ar na coinníollacha comhchuibhithe do thiománaithe nuacheadúnaithe, ar inniúlacht de chuid na mBallstát é.

14. Maidir le teorainneacha meáchain in aghaidh na catagóire ceadúnais le haghaidh feithiclí breosla mhalartaigh (Airteagal 9(2)(j)), chloígh an Chomhairle lena seasamh, atá ailínithe leis an togra ón gCoimisiún, ach ghlac sí leis an bhféidearthacht leantóir a chur leis na teorainneacha sin (faoi réir oiliúna má tá an meáchan foriomlán níos mó ná 4 250 kg), agus teorainn choibhéiseach le haghaidh gluaisteáin paisinéirí breosla mhalartaigh atá nasctha le leantóir trom (catagóir BE; Airteagal 9(2)(j)), chomh maith le ham níos giorra de 2 bhliain don trasuí (Airteagal 29(2)). Ghlac an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha i gcomhréir le dul chun cinn teicneolaíoch.

15. Cumhdaíodh sa chaibidlíocht maidir le teorainneacha meáchain gnéithe breise ar dhírigh an Pharlaimint orthu chun solúbthacht a mhéadú i gcásanna speisialta (Airteagal 6, 7, 9). Chomhaontaigh an Chomhairle, a rinne foráil cheana ina cur chuige ginearálta do sholúbthacht i ndáil le mótarcharbháin, go gceadófaí, i gcatagóir B, cónasc le leantóir a bhfuil meáchan comhcheangailte 5 000 kg nó níos lú aige, faoi réir oiliúint nó tástáil bhreise do thiománaithe. Rinneadh lamháltas meáchain na Comhairle i gcatagóir B d'otharcharranna a chumasc i sraith rialacha níos leithne d'fheithiclí éigeandála. Cé gur ghlac an Chomhairle le níos mó solúbthachta maidir leis an uasmheáchan (suas le 5 000 kg) agus aoiseanna íosta i gcatagóirí B agus C, ghlac an Pharlaimint leis go bhfuil tiomáint le meáchan breise faoi réir tástála nó oiliúna agus gur bearta náisiúnta iad na rialacha atá faoi réir aitheantas frithpháirteach. Ghlac an Chomhairle freisin leis an tsolúbthacht busanna folmha a thiomáint le ceadúnas chatagóir C chun tiomáint tástála a dhéanamh timpeall ionaid tástála ródacmhainneachta agus siopaí deisiúcháin (Airteagal 9(5)).

16. Bhog an Chomhairle i dtreo an tseasaimh ón bParlaimint agus ón gCoimisiún trí níos mó solúbthachta maidir le suíomh na tástála a roghnú a thabhairt do dhaoine a chuirtear faoi scrúdú le haghaidh gluaisteáin paisinéirí a thiomáint, chun bacainní teanga a shárú tar éis do dhuine bogadh go Ballstát eile (Airteagal 20(4)). Maidir le gluaiseacht saoránach gan srian thar theorainneacha, ghlac an Chomhairle leis freisin go n-áirithítear le hAirteagal nua (Airteagal 14), le linn malartú nó athsholáthar ceadúnais tiomána, gur féidir le saoránaigh a gcearta tiomána a chruthú i gcónaí ar fud an Aontais. Maidir le ceadúnais tiomána arna n-eisiúint ag tríú tír, bhí seasaimh an-chosúil ag an gComhairle agus ag an bParlaimint ón tús toisc gur aontaigh siad araon leis an gcoincheap nua de mheastóireacht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ar chreat iompair de bhóthar tríú tír i bhfianaise malartuithe ceadúnas tiomána i mBallstát (Airteagal 15). Sa chomhthéacs sin, níorbh fhéidir leis an gComhairle glacadh le cur chuige comhchosúil i leith inniúlacht ghairmiúil tiománaí tríú tír, ach chomhaontaigh sí go gcuirfí de chúram ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht aitheantas a thabhairt do dheimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil arna n-eisiúint ag tríú tíortha.

17. Choinnigh an Pharlaimint agus an Chomhairle araon roinnt leasuithe in Iarscríbhinn II maidir le tástálacha tiomána agus an t-eolas agus na scileanna is gá. Baineann siad sin, mar shampla, leis an dul chun cinn teicneolaíoch (ardchórais cúnta tiománaí, córais coscánaithe buanseasmhachta, úsáid dheonach ionsamhlóirí, gluaisrothair leictreacha), le béim bhreise a leagan ar úsáideoirí soghonta bóithre (caochspotaí, tuirlingt ar thaobh na sráide, aird a thabhairt ar lánaí rothar) agus le próisis a shimpliú (láimhseáil chuí feithiclí ag a bhfuil traiseoladh láimhe a chruthú). In Iarscríbhinn III a bhaineann le híoschaighdeáin oiriúnachta don tiomáint, ghlac an Pharlaimint den chuid is mó le hábhar breise ón gComhairle, agus ghlac an Chomhairle le roinnt ábhar breise ón bParlaimint.

18. Ar deireadh, ghlac an Chomhairle le ceanglais tuairiscithe do na Ballstáit ar bhealach níos teoranta, rud a mhol an Coimisiún nó an Pharlaimint (Airteagal 23). Choinnigh an Chomhairle a seasamh maidir le tréimhse ghinearálta 4 bliana don trasuí (Airteagal 29).

## IV. <u>CONCLÚID</u>

19. Leis an seasamh ón gComhairle, leagtar béim ar aidhm an togra ón gCoimisiún agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus tacaíocht á fáil ón gCoimisiún.

20. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta agus, a luaithe a ghlacfar í, go mbeidh an Treoir nua maidir le ceadúnais tiomána ina rannchuidiú tábhachtach chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar shaorghluaiseacht saoránach san Aontas.